BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

28 Samhain 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 2(1)(c) – Raon feidhme – Idirbheart inchánach – Conradh seirbhíse chun tionscadal tógála a chur chun cinn – Foirceannadh conartha ag an gcliant – An coincheap 'luach saothair' – Aicmiú – Oibleagáid an méid comhaontuithe a íoc lúide costais arna sábháil ag an soláthraí – Airteagal 73 – Méid inchánach)

I gCás C-622/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair), trí bhreith an 25 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 10 Deireadh Fómhair 2023, sna himeachtaí

rhtb: projekt gmbh

v

Parkring 14-16 Immobilienverwaltung GmbH,

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán an Chéad Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Seachtú Dlísheomra, M. L. Arastey Sahún, Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, agus J. Passer, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– rhtb: projekt gmbh, ag K. Klema, Rechtsanwalt,

– Parkring 14-16 Immobilienverwaltung GmbH, ag M. Hübner, Rechtsanwalt,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll agus F. Koppensteiner, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– Rialtas na Seice, ag L. Březinová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Behre agus J. Jokubauskaitė, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 2(1) agus Airteagal 73 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1, 'an Treoir maidir le CBL').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir dhá chuideachta a bunaíodh san Ostair, eadhon, ar thaobh amháin, rhtb: projekt gmbh ('rhtb') agus, ar an taobh eile, Parkring 14-16 Immobilienverwaltung GmbH ('Parkring') maidir le cáin bhreisluacha (CBL) den luach conarthach atá dlite tar éis foirceannadh ag an gcliant (Parkring) tionscadail tógála a tosaíodh cheana féin agus a raibh an chuideachta tógála (rhtb) toilteanach bailchríoch a chur air.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Faoi Airteagal 2(1)(a) den Treoir maidir le CBL, beidh 'soláthar seirbhísí arna ndéanamh ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag feidhmiú sa cháil sin' faoi réir cáin bhreisluacha (CBL).

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 73 den Treoir sin:

'Maidir le soláthar earraí nó seirbhísí, seachas an soláthar earraí agus seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagail 74 go 77, áireofar leis an méid inchánach gach aon ní a bhfuil i gceist leo comaoin a gheobhaidh an soláthraí nó atá le fáil aige, i gcomaoin soláthair, ón gcustaiméir nó ó thríú páirtí, lena n-áirítear fóirdheontais atá nasctha go díreach le praghas an tsoláthair.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hOstaire

5 Foráiltear le hAirteagal 1168(1) den Allgemeines bürgerliches Gesetzbuch (Cód Sibhialta Ginearálta), sa leagan is infheidhme maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí ('ABGB'):

'I gcás nach gcuirfear obair a i gcrích, beidh an conraitheoir fós i dteideal an luach saothair comhaontuithe má más rud é go raibh sé réidh chun an tseirbhís a sholáthar agus má cuireadh cosc air mar gheall ar imthosca is inchurtha i leith an chliaint; ní mór dó an méid a shábháil sé a chur san áireamh áfach ar an bhforas gur mainníodh an obair a chur i gcrích nó an méid arna fháil aige, nó nach bhfuair sé d'aon ghnó, trí úsáid eile.'

[Aistriúcháin neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

6 I mí an Mhárta 2018, thug rhtb agus Parkring conradh seirbhíse i gcrích faoina raibh ar rhtb tionscadal tógála a chur i gcrích do mhéid iomlán EUR 5 377 399.69 lena n-áirítear EUR 896 233.28 in CBL. I ndiaidh thús na n-oibreacha, chuir Parkring rhtb ar an eolas, i mí Meitheamh 2018, nach raibh sé ag iarraidh go ndéanfadh rhtb an tionscadal sin a thuilleadh mar gheall ar chúiseanna nach raibh inchurtha do rhtb.

7 An 19 Nollaig 2018, d'iarr rhtb ar Parkring, i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 1168(1) de ABGB, íocaíocht an mhéid chomhaontuithe, de réir bhrí na forála sin, lúide costais arna sábháil mar gheall ar fhoirceannadh gan údar an chonartha seirbhíse lena mbaineann.

8 Ós rud é nach ndearna Parkring an íocaíocht sin, chuir rhtb iarratas isteach os comhair na cúirte céadchéime chun an íocaíocht ar mhéid EUR 1 540 820.10 a fháil, lena n-áirítear CBL, trína áitiú gur tharraing Parkring siar ón gconradh gan údar agus go raibh Parkring faoi dhliteanas an mhéid chomhaontuithe go conarthach a íoc mar sin. Chuir Parkring i gcoinne ábhar an iarratais sin trína mhaoímh nach raibh rhtb ach i dteideal ach an méid a chomhfhreagraíonn don obair a rinneadh.

9 Dheonaigh an chúirt chéadchéime an iarraidh a rinne rhtb, ag tabhairt dá haire gur tharraing Parkring siar ón gconradh sin gan údar agus í ag cinneadh go raibh an obair nárbh fhéidir a dhéanamh mar gheall ar fhoirceannadh an chonartha chéanna faoi réir CBL.

10 Chuir an chúirt achomhairc an cinneadh ón gcúirt chéadchéime ar leataobh trína chinneadh nach raibh aon CBL dlite ar an méid arna shocrú le haghaidh na hoibre nach ndearnadh toisc nach raibh malartú seirbhísí idir na páirtithe sa chonradh.

11 Thionscain rhtb agus Parkring achomhairc ar phointe dlí i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair), an chúirt a rinne an tarchur. Chinn an chúirt sin, go bunúsach, i ndiaidh fhoirceannadh an chonartha seirbhíse gan údar ag Parkring, go raibh rhtb i dteideal an mhéid iomlán a comhaontaíodh go conarthach. Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le cibé an chóir an méid iomlán a mheas mar luach saothair, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh, de réir bhrí na Treorach maidir le CBL, ós rud é nach raibh sé d'oibleagáid ar rhtb an chuid eile den tseirbhís chomhaontuithe a sholáthar, tar éis do Parkring an conradh seirbhíse a fhoirceannadh, agus nár comhlíonadh an coinníoll gur chóir nasc díreach bheith ann idir an chomaoin a fuarthas agus an tseirbhís arna soláthar.

12 Sna himthosca sin, chinn an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil Airteagal 2(1)(c) de Threoir 2006/112/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 73 den Treoir sin le léiriú sa chaoi go bhfuil an méid atá dlite ag an gcliant don chonraitheoir faoi réir CBL freisin i gcás nár cuireadh i gcrích an saothar (go hiomlán), ach go raibh an conraitheoir réidh lena chur i gcrích agus gur cuireadh bac air é sin a dhéanamh mar gheall ar thosca atá inchurtha don chliant (mar shampla, cuireadh an obair ar ceal)?'

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear

13 Mar réamhbharúil, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon léiriú san iarraidh ar réamhrialú maidir leis na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur iarraidh ar léiriú Airteagal 73 de Threoir CBL a dhéanamh. Ina theannta sin, ní léir ón iarraidh sin gur gá léiriú na forála sin chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach.

14 Dá bhrí sin, ba cheart a mheas, lena ceist a tharchuirtear chun réamhrialú, go bhfíafraíonn an chúirt sin, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 2(1)(c) de Threoir CBL le léiriú sa chaoi nach mór an méid atá dlite go conarthach tar éis foirceannadh ag tairbhí soláthair seirbhísí conartha arna thabhairt i gcrích go bailí chun na seirbhísí sin a sholáthar, atá faoi réir CBL, a thosaigh an soláthraí ag cur ar fáil agus a raibh sé réidh chun é sin a chur i gcrích, a mheas mar luach saothair ar sholáthar seirbhísí ar chomaoin de réir bhrí na Treorach maidir le CBL.

15 Maidir leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(a) agus (c) de Threoir CBL, lena sainítear raon feidhme CBL, go bhfuil soláthar seirbhísí arna dhéanamh ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag gníomhú sa cháil sin faoi réir CBL.

16 De réir chásdlí na Cúirte, ní sholáthraítear seirbhís ‘ar chomaoin’, de réir na forála sin, ach amháin má tá caidreamh dlíthiúil idir an soláthraí agus an tairbhí lena malartaítear na seirbhísí cómhalartacha, agus go raibh cúiteamh faighte ag an soláthraí seirbhísí arb ionann é agus comaoin iarbhír na seirbhíse inaitheanta arna soláthar don tairbhí. Is amhlaidh an cás má tá nasc díreach idir an tseirbhís arna soláthar agus an comaoin a fuarthas (breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *Vodafone Portugal*, C-43/19, EU:C:2020:465, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

17 Maidir leis an nasc díreach idir an tseirbhís arna soláthar don tairbhí agus an comaoin arna fáil, chinn an Chúirt gurb éard atá sa chomaoin ar an bpraghas a íoctar nuair a shínítear conradh chun seirbhís a sholáthar ceart an chliaint leas a bhaint as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gconradh sin, gan beann ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann an cliant an ceart sin chun feidhme. Dá bhrí sin, déanann an soláthraí seirbhíse an tseirbhís sin a sholáthar i gcás ina gcuireann sé ar chumas an chliaint leas a bhaint aisti, agus, mar thoradh air sin, ní dhéantar difear don nasc díreach thuasluaite a bheith ann toisc nach mbaineann an cliant úsáid as an gceart sin (breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *Vodafone Portugal*, C-43/19, EU:C:2020:465, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

18 Maidir leis sin, ba cheart a lua freisin, mar is léir ó chásdlí na Cúirte, nach mór méid réamhchinnte a fhaigheann oibreoir eacnamaíoch i gcás foirceannadh luath ag an gcliant, nó ar chúis atá inchurtha i leith an chliaint, ar chonradh chun seirbhísí a sholáthar a bhí le rith thar thréimhse áirithe, a chomhfhreagraíonn don tsuim a bheadh faighte ag an oibreoir sin le linn na tréimhse sin in éagmais foirceannadh den sórt sin, a mheas mar luach saothair ar sholáthar seirbhísí ar chomaoin agus atá faoi réir CBL mar sin, cé gur fhág an foirceannadh sin, go háirithe, go ndearnadh na seirbhísí dá bhforáiltear leis an gconradh sin a dhíghníomhachtú roimh dheireadh na tréimhse comhaontaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *Vodafone Portugal*, C-43/19, EU:C:2020:465, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 Ní mór an méid sin a bheith i gceist, *a fortiori*, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, inar thosaigh an soláthraí seirbhíse ag soláthar na seirbhísí lena mbaineann agus ina raibh sé réidh chun an soláthar seirbhísí sin a dhéanamh go dtí go ndeachaigh sé in éag don mhéid dá bhforáiltear go conarthach.

20 Go deimhin, ar thaobh amháin, is éard atá sa chomaoin ar an méid atá le híoc ag faighteoir an tsoláthair seirbhísí ná ceart an fhaighteora leas a bhaint as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gconradh chun seirbhísí a sholáthar, ag an soláthraí, fiú mura mian leis an bhfaighteoir an ceart sin a fheidhmiú a thuilleadh ar chúis atá inchurtha ina leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *Vodafone Portugal*, C-43/19, EU:C:2020:465, mír 35).

21 I gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní hamháin gur chuir an soláthraí seirbhíse ar chumas an fhaighteora leas a bhaint as soláthar seirbhíse, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 17 den bhreithiúnas sin, ach, ós rud é gur chuir sé tús leis an obair a comhaontaíodh cheana féin, chuir sé cuid den tseirbhís sin ar fáil, agus bhí sé toilteanach í a dhéanamh go dtí go dtabharfaí chun críche í.

22 Ar an taobh eile, ba cheart fíorchás eacnamaíoch agus trádála an idirbhirt lena mbaineann a chur san áireamh chomh maith chun comhchóras CBL a chur i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *Vodafone Portugal*, C-43/19, EU:C:2020:465, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór a thabhairt faoi deara, ón taobh eacnamaíoch de, go léiríonn an méid is iníoctha faoi Airteagal 1168(1) de ABGB ní hamháin an luach saothair a comhaontaíodh go conarthach le haghaidh na seirbhísí atá i gceist, lúide na méideanna arna shábháil, agus mar thoradh air sin tá nasc díreach idir an méid atá i gceist sna príomhimeachtaí agus an tseirbhís a sholáthraítear, ach soláthraíonn sé luach saothair conarthach íosta don soláthraí seirbhíse freisin.

23 Níl an léiriú a leagtar amach i mír 18 den bhreithiúnas seo neamhbhailí mar gheall ar an argóint, mar a chinn an Chúirt i mbreithiúnas an 18 Iúil 2007, *Société thermale d'Eugénie-les-Bains* (C-277/05, EU:C:2007:440), maidir le taiscí atá beartaithe chun an damáiste a d'fhulaing soláthraí seirbhíse a chúiteamh mar thoradh ar chealú áirithinte ag cliaint, nach mór teacht ar an gconclúid sa chás seo gurb ionann an méid dá bhforáiltear go conarthach agus cúiteamh socraithe as an damáiste a bhain don soláthraí seirbhíse mar thoradh ar fhoirceannadh an chonartha ag faighteoir na seirbhíse.

24 Go deimhin, ní raibh an cás a bhí le breithniú ag an gCúirt i mbreithiúnas an 18 Iúil 2007, *Société thermale d'Eugénie-les-Bains* (C-277/05, EU:C:2007:440) comhchosúil ná inchomparáide leis an gcás atá i gceist sna príomhimeachtaí. Sa bhreithiúnas sin, mheas an Chúirt, go háirithe, nach raibh nasc díreach idir an tseirbhís arna soláthar agus an chomaoin a fuarthas, ós rud é nár sholáthar seirbhísí neamhspleách agus inaitheanta é an seomra a chur in áirithe. Rialaigh sí thairis sin, i gcás amhail an cás atá i gceist sa chás as ar eascair an breithiúnas sin, gurb éard a bhí sna taiscí ná cúiteamh socraithe a bhí beartaithe chun an soláthraí seirbhísí a chúiteamh tar éis do chliaint tarraingt siar agus dá bhrí sin, nárbh ionann iad agus luach saothair as seirbhís den sórt sin.

25 Os a choinne sin, sa chás seo, tá soláthar seirbhísí inaitheanta ann agus chuir an soláthraí seirbhíse tús leis an obair chomhaontaithe a bhí sé sásta a dhéanamh ina hiomláine chun an conradh a thabhairt i gcrích. Murab amhlaidh an cás, ba ar an bhforas nár mhian leis an bhfaighteoir seirbhísí an soláthraí sin a úsáid a thuilleadh ar chúiseanna atá neamh-inchurtha i leith an tsoláthraí sin. Ina theannta sin, comhfhreagraíonn an méid atá dlite don soláthraí seirbhíse don

mhéid dá bhforáiltear go conarthach chun soláthar na seirbhísí a dhéanamh ina iomláine, lúide na méideanna arna sábháil de bharr nár cuireadh an obair i gcrích. Ní féidir an méid sin a mheas dá bhrí sin mar liúntas socraithe chun maolú a dhéanamh ar an damáiste a rinneadh.

26 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra ar an gceist nach mór Airteagal 2(1)(c) de Threoir CBL a léiriú sa chaoi nach mór an méid atá dlite faoin gconradh tar éis foirceannadh ag tairbhí soláthar seirbhísí conartha arna thabhairt i gcrích go bailí chun na seirbhísí sin a sholáthar, atá faoi réir CBL, a thosaigh an soláthraí ag cur ar fáil agus a raibh sé réidh chun é sin a chur i gcrích, a mheas mar luach saothair ar sholáthar seirbhísí ar chomaoin de réir bhrí na Treorach maidir le CBL.

Costais

27 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 2(1)(c) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní mór an méid atá dlite faoi chonradh tar éis foirceannadh ag tairbhí soláthair seirbhísí conartha arna thabhairt i gcrích go bailí chun na seirbhísí sin a sholáthar, atá faoi réir CBL, a thosaigh an soláthraí ag cur ar fáil agus a raibh sé réidh chun é sin a chur i gcrích, a mheas mar luach saothair ar sholáthar seirbhísí ar chomaoin de réir bhrí Threoir 2006/112.

[Sínithe]